Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Márta 2025
(OR. en)

6007/25

LIMITE

CORLX 151
CFSP/PESC 225
CONOP 8
CONUN 25
COARM 33

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE chun tacú leis an gCoinbhinsiúin maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine, lena chlár idirsheisiúnach, agus leis na hullmhúcháin dá Dheichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**chun tacú leis an gCoinbhinsiúin maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine, lena chlár idirsheisiúnach, agus leis na hullmhúcháin dá Dheichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta ('Straitéis an Aontais').

(2) Tá Straitéis an Aontais á cur chun feidhme go gníomhach ag an Aontas agus tá éifeacht á tabhairt aige do na bearta a liostaítear i gCaibidil III di, go háirithe na bearta sin a bhaineann leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC) a neartú, a chur chun feidhme agus a uiliú.

(3) Le Compás Straitéiseach 2022 um Shlándáil agus Cosaint, tagraítear do shíorbhagairt an leathadh arm ollscriosta agus modhanna a seachadta, agus cuirtear in iúl ann cuspóir an Aontais gníomhaíochtaí nithiúla a neartú mar thaca le spriocanna dí-armála, neamhleata agus rialaithe arm.

PUBLIC

(4) Faoi chuimsiú Stráitéis an Aontais, ghlac an Chomhairle, mar thaca le BTWC, Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha 2006/184/CBES[1] agus 2008/858/CBES[2] ón gComhairle agus Cinntí 2012/421/CBES[3], (CBES) 2016/51[4], (CBES) 2019/97[5], (CBES) 2021/2033[6], (CBES) 2023/123[7] agus (CBES) 2024/349[8] ón gComhairle. Ba cheart an tacaíocht sin a thugann an tAontas a choinneáil ar bun.

PUBLIC

1 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2006/184/CBES ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine, faoi chuimsiú Straitéis an AE i gcoinne Leathadh na n-Arm Ollscriosta (IO L 65, 7.3.2006, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2006/184/oj).

2 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/858/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC), faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 302, 13.11.2008, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2008/858/oj).

3 Cinneadh (CBES) 2012/421/CBES ón gComhairle an 23 Iúil 2012 mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC), faoi chuimsiú Straitéis an AE i gcoinne Leathadh na n-Arm Ollscriosta (IO L 196, 24.7.2012, lch. 61, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/421/oj).

4 Cinneadh (CBES) 2016/51 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC), faoi chuimsiú Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 12, 19.1.2016, lch. 50, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/51/oj).

5 Cinneadh (CBES) 2019/97 ón gComhairle an 21 Eanáir 2019 mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine, faoi chuimsiú Straitéis an AE i gcoinne Leathadh na n-Arm Ollscriosta (IO L 19, 22.1.2019, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/97/oj).

6 Cinneadh (CBES) 2023/2033 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/97 chun tacú leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine faoi chuimsiú Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 415, 22.11.2021, lch. 29, p. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/2033/oj).

7 Cinneadh (CBES) 2023/123 ón gComhairle an 17 Eanáir 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/97 mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine faoi chuimsiú Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 16, 18.1.2023, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/123/oj).

8 Cinneadh (CBES) 2024/349 ón gComhairle an 16 Eanáir 2024 mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (IO L, 2024/349, 17.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/349/oj).

(5) Ba cheart cur chun feidhme teicniúil an Chinnidh seo a chur de chúram ar Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

1. I gcomhthéacs Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta, an Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh agus an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint a chur chun feidhme, tabharfaidh an tAontas tuilleadh tacaíochta do ghníomhaíochtaí Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA) trí ghníomhaíocht oibríochtúil mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC), lena chlár idirsheisiúnach agus leis na hullmhúcháin don Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin ('an gníomhaíocht').

2. Is é a bheidh i gcuspóirí na gníomhaíochta:

   (a) tacú le clár idirsheisiúnach BTWC trí éascú a dhéanamh ar an bplé a bheidh ar siúl laistigh den Mheitheal um Neartú BTWC chomh maith leis na hullmhúcháin don Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin in 2027.

   (b) cur chun feidhme an Choinbhinsiúin a neartú trí chur leis an méid a baineadh amach le Cinntí (CBES) ón gComhairle roimhe seo.

3. Leagtar amach miontuairisc ar an ngníomhaíocht san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

PUBLIC

*Airteagal 2*

1. Cuirfear de chúram ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (‘an tArdionadaí’) an Cinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is í UNODA a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a chur i gcrích.

3. Is faoi fhreagracht an Ardionadaí a chuirfidh UNODA an cúram dá dtagraítear in mír 2 i gcrích. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le UNODA.

PUBLIC

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 1 474 753.82 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann le cur chun feidhme na gníomhaíochta (‘an caiteachas’) a chumhdach.

2. Déanfar an caiteachas a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhea-bhainistiú an chaiteachais. Chuige sin, tabharfaidh sé comhaontú ranníocaíochta i gcrích le UNODA (an ‘comhaontú’). Sonrófar sa chomhaontú go bhfuil ar UNODA infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, atá iomchuí lena méid, a áirithiú.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú i gcrích.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta ó UNODA. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi ghnéithe airgeadais chur chun feidhme na gníomhaíochta.

PUBLIC

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis thabhairt i gcrích an chomhaontaithe. Rachaidh sé in éag 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm, áfach, mura dtabharfar an comhaontú i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC